NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment

# Clár Foghlama Leibhéal 2 den tSraith Shinsearach: Litríocht

## Modúl Roghnach

## Dréacht le haghaidh comhairliúcháin

Samhain 2025

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Réamhrá

Is éard atá i gClár Foghlama Leibhéal 2 den tSraith Shinsearach (CFL2SS) raon de réimsí curaclaim, agus gach ceann acu deartha ar bhonn modúlach. Tá ceithre réimse curaclaim ag croílár CFL2SS: Uimhearthacht; Cumarsáid agus Litearthacht; Cúram Pearsanta; agus Sruthanna Roghnacha. Modúl roghnach is ea an Litríocht.

Tá an Litríocht deartha le haghaidh 60 uair an chloig ar a laghad den am teagaisc/ranga ar feadh dhá bhliain.

| Teideal modúil | Am molta in uaireanta an chloig |
|---|---|
| Litríocht | 60 |

# Réasúnaíocht

Sa mhodúl roghnach seo, dírítear ar eolas, taithí agus tuiscint an scoláire ar an litríocht a fhorbairt i bhfoirm fhisiciúil agus dhigiteach. Tríd sin, tacófar leis an scoláire ciall a bhaint as a gcloiseann, a bhfeiceann agus a léann sé nó sí. Beidh an méid sin ina chuidiú aige nó aici chun a chuid nó a cuid ábhar machnaimh agus féinléirithe a phleanáil agus a eagrú chun freagra anailíseach a chruthú. Tuigfidh an scoláire gur féidir gur ann don litríocht le haghaidh cuspóirí difriúla agus lucht spéise difriúil. Dá réir sin, beidh sí ina taca le tuiscint, comhbhá, muinín agus inniúlacht an scoláire a fhorbairt chun cumarsáid a dhéanamh le daoine eile agus freagairt dóibh.

Táthar ceaptha taitneamh a bhaint as an litríocht. Tríd an modúl seo, tacaítear leis an scoláire chun bheith ag plé leis an litríocht ar bhealach pléisiúrtha ach diongbháilte. Tríd an litríocht, cuirtear chun cinn an tuiscint atá ag an scoláire ar a nádúr féin le linn nascadh le litearthacht agus inniúlacht teanga. Dá bhrí sin, is féidir go spreagfar an scoláire le níos mó eolais a fháil trí bheith ag plé leis an litríocht. Cuidíonn an méid sin leis an scoláire a nascadh le daoine eile, le pobail, le háiteanna agus le hamanna.

Is éard atá i gceist le bheith ag plé leis an litríocht, laistigh de chomhthéacs an mhodúil seo, téacsanna ficseanúla agus roinnt téacsanna neamhfhicseanúla a mheas. Is féidir le téacs liteartha a chruthaíonn an scoláire a bheith ina dhialann nó ina iontráil dialainne, ina scéal nó ina fhoirm féinléirithe. Gheobhaidh an scoláire taithí ar théacs liteartha mar éisteoir, breathnóir, léitheoir agus meastóir i bhfoirm fhisiciúil agus dhigiteach araon.

Chun bheith ag plé leis an litríocht, is féidir go n-éileofar léitheoireacht, scríbhneoireacht, taifeadadh, éisteacht, smaointeoireacht chruthaitheach, nochtadh nó cumarsáid a dhéanamh le daoine eile. Tumtar an scoláire i dtimpeallacht shaibhir teanga lenar féidir inspreagadh a sholáthar don léitheoireacht, agus eolas agus siamsaíocht á bhfáil trína shamhlaíocht nó trína samhlaíocht a spreagadh. Soláthraítear deiseanna léi chun an stór focal a mhéadú. Ach tógáil ar an tuiscint atá ag an scoláire ar theanga, agus ar an úsáid a bhaineann sé nó sí aisti, tacaítear lena inniúlacht nó lena hinniúlacht chun cumarsáid a dhéanamh go muiníneach i ngach foirm.

Tríd an modúl seo, tacaítear leis an scoláire chun tuairimí a chur in iúl de réir mar a bhreathnaíonn agus a thuarann sé nó sí, a dhéanann sé nó sí cinntí agus a phléann sé nó sí leis an litríocht. Tá sé ina thaca le cruthaitheacht trí chur in iúl tuairimí agus smaointe a chur chun cinn, chomh maith le scileanna amhail idirbheartaíocht agus inoiriúnaitheacht. Dá réir sin, cumasaítear agus éascaítear rannpháirteachas le daoine eile. Cuirtear féinmhachnamh chun cinn leis de réir mar a bhaineann an scoláire leas as a chuid nó a cuid mothúchán chomh maith lena intleacht nó lena hintleacht chun a chuid nó a cuid ábhar machnaimh, smaointe, mothúchán, riachtanas agus eispéireas a chur in iúl ar bhealach briathartha agus neamhbhriathartha, i suíomh tacaithe.

Cuireann forbairt na tuisceana atá ag an scoláire ar an litríocht le príomhinniúlachtaí a fhorbairt sa tsraith shinsearach de réir mar a phléann sé nó sí leis an litríocht i ngach foirm; de chineál labhartha, scríofa, éisteachta. Nuair a tharlaíonn sin, tacaítear leis an bhfoghlaim uile trasna na sraithe sinsearaí agus déantar forbairt scileanna saoil tábhachtacha, atá bunriachtanach do neamhspleáchas an scoláire, a chur chun cinn. Téann an méid sin chun tairbhe don scoláire ar chuid mhór bealaí faoi mar a dhéanann sé nó sí dul chun cinn i gconairí foghlama agus a aistríonn sé nó sí chuig an saol tar éis na scoile.

## Leanúnachas agus dul chun cinn

Tá an modúl seo struchtúrtha chun leanúnachas a sholáthar ó churaclam bunscoile Béarla an scoláire agus ón taithí a fuair sé nó sí ar an tsraith shóisearach.  Tríd sin cuirtear chun cinn, leathnaítear agus doimhnítear foghlaim an scoláire ar feadh na sraithe sinsearaí. Tríd an Litríocht, tacaítear le forbairt agus cur chun cinn phríomhscileanna an scoláire sa tsraith shóisearach, príomhscileanna a bhaineann le litearthacht, le cumarsáid a dhéanamh, le bheith cruthaitheach, le hé nó í féin agus eolas a bhainistiú, smaointeoireacht, le bheith ag obair le daoine eile agus le fanacht folláin. Tríd an litríocht, tógtar ar fhoghlaim an scoláire ó Aonaid Tosaíochta Foghlama na Sraithe Sóisearaí, Cumarsáid agus Litearthacht go háirithe. Sa tsraith shinsearach, tugtar deiseanna don scoláire a léiriú conas is féidir an fhoghlaim a fhaightear anseo a nascadh le foghlaim roimhe seo, le réimsí curaclaim eile agus leis an saol lasmuigh den scoil trína chuid nó trína cuid foghlama a chur i bhfeidhm i réimsí amhail Drámaíocht, TF, OSPS, Ealaín, Ceol agus réimse sainspéise an scoláire. Leathnaítear scileanna litearthachta, sóisialta agus folláine de réir mar a chuireann an scoláire é nó í féin in iúl, de réir mar a fhaigheann sé nó sí tuiscint ar an teanga scríofa agus labhartha agus de réir mar a léirmhíníonn sé nó sí an teanga sin. Tacaítear le huimhearthacht de réir mar a leabaíonn an scoláire a inniúlacht nó a hinniúlacht chun coincheapa a shamhlú agus a thuiscint.

Tá sé d'aidhm ag an litríocht ag an tsraith shinsearach tógáil ar scileanna idirphearsanta agus inphearsanta an scoláire, caidrimh a fheabhsú agus neamhspleáchas níos mó a chur chun cinn, chomh maith le braistint gaisce agus muiníne a sholáthar don scoláire ina chuid nó ina cuid foghlama de réir mar a théann sé nó sí chun cinn chuig saol na ngairmeacha, an staidéir nó seirbhísí breise tar éis na scoile.

## Teagasc agus foghlaim

Is féidir tacú leis an scoláire chun bheith ag plé leis an léitheoireacht, le tuiscint a fháil agus freagra a thabhairt trí bhealaí a mhúineadh dó nó di go follasach chun aghaidh a thabhairt ar phíosa litríochta, ábharthacht a bhfuil sé nó sí ag plé leis a bhrath, téacsanna a roghnú atá ina n-ábhar spéise don scoláire agus é nó í a spreagadh chun a chuid nó a cuid ábhair léitheoireachta agus éisteachta féin a roghnú. Is maith an pointe tosaigh iad píosaí níos gairide inar féidir leis an scoláire a chuid nó a cuid straitéisí léitheoireachta agus éisteachta a chur i bhfeidhm agus aghaidh á tabhairt ar théacs liteartha. Ach cineálacha difriúla litríochta a thabhairt le chéile, cruthaítear níos mó deiseanna le haghaidh plé, agus naisc á ndéanamh leis an domhan timpeall air nó uirthi agus sásamh as an modúl á chur chun cinn. Trí dhrámaíocht agus rólimirt a úsáid, is féidir deis a thabhairt don scoláire na carachtair agus a gcuid inspreagtha a fhiosrú ar bhealach sábháilte agus spraíúil.

D'fhéadfaí a thaispeáint don scoláire conas léirthuiscint a fháil ar leideanna amhairc, grafaicí agus léaráidí chun go sainaithneofar an bealach a bhfuil siad ina dtaca le sásamh a bhaint as píosa litríochta ach, freisin, ina gcuidiú le tuiscint a fháil ar shuíomh, comhthéacs, seánra agus le barúlacha a cheistiú laistigh de théacs liteartha. Trí theidil agus fotheidil a scrúdú, is féidir leis an scoláire a bhfuil i gceist leis an bpíosa a thuar agus an sprioclucht féachana beartaithe a shainaithint. Dá réir sin, tacaítear tríd sin leis an scoláire chun stíl agus seánra na scríbhneoireachta

a shainaithint. Trí chuir chuige maidir leis an léitheoireacht agus leis an éisteacht a úsáid, cumasaítear don scoláire leas a bhaint as comhthéacs chun tacú leis an tuiscint atá aige nó aici, úsáid a bhaint as a chuid nó cuid eispéireas féin, naisc agus ceangail a dhéanamh. Nuair a chuirtear eolas ar ghnásanna bunúsacha na scríbhneoireachta agus na léitheoireachta, agus nuair a bhaintear úsáid astu, fágann sin go dtacaítear leis an scoláire ní hamháin sa tuiscint atá aige nó aici ar an litríocht, ach sa sásamh a bhaineann sé nó sí as an modúl.

Tríd an modúl seo, soláthraítear deiseanna chun bheith ag plé leis an litríocht, agus chun úsáid a bhaint aisti, go samhlaíoch, chun an mhuinín a thabhairt don scoláire tuairimí a chur in iúl, a smaointe féin a úsáid agus machnamh criticiúil a dhéanamh. Is féidir leis nó léi a shamhlaíocht nó a samhlaíocht a fhorbairt ach litríocht a chruthú, a bheith ag plé léi agus ach í a chur i láthair. Is féidir an scoláire a spreagadh chun obair a chruthú ina rogha seánra nó stíle féin. Tríd an léiriú cruthaitheach is féidir tuiscint foghlaimeoirí ar na príomhchoincheapa a fheabhsú chomh maith leis an modh léirithe féin. Tá an méid sin ina chuidiú chun an fhoghlaim uile a neartú agus inniúlacht an scoláire a chur chun cinn chun cumarsáid a dhéanamh, idirghníomhú, cruthú, é nó í féin a chur in iúl, mothúcháin agus smaointe a fhiosrú chomh maith le peirspictíochtaí agus tuairimí daoine eile a fhiosrú ar bhealaí éagsúla.

A bhuí leis an modúl seo, soláthraítear deiseanna freisin chun modhanna difriúla cumarsáide digití a úsáid de réir mar a sholáthraítear deiseanna don scoláire chun bheith ag foghlaim agus ag cleachtadh agus úsáid á baint as an teicneolaíocht ina shaol nó ina saol laethúil, agus sin ar bhealach cruthaitheach agus criticiúil. Is féidir an teicneolaíocht a úsáid chun spreagthaigh a fhoinsiú don fhoghlaim. Is féidir leis an scoláire teacht chun bheith ina chruthaitheoir nó ina cruthaitheoir inneachair freisin.

# Modúl: Litríocht

## Tuairisceoir modúil

Ba cheart don scoláire taithí a fháil ar chuid mhór cineálacha litríochta, ba cheart dó nó di plé leo agus taitneamh as a bhaint astu, i bhformáid fhisiciúil agus dhigiteach araon. Tacófar leis nó léi chun a chuid nó a cuid scileanna litearthachta agus teanga a úsáid agus a fhorbairt chun teanga a thuiscint, chun freagairt di agus chun í a úsáid go héifeachtach i réimse comhthéacsanna, agus machnamh criticiúil á dhéanamh ar a chuid nó a cuid oibre féin agus ar obair daoine eile. Tríd an modúl seo, tacaítear leis an scoláire a chuid nó a cuid eispéireas agus a shamhlaíocht nó a samhlaíocht a nascadh le hábhair mhachnaimh agus mothúcháin agus tacaítear leis nó léi chun é nó í féin a chur in iúl tríd an litríocht. Foghlaimíonn an scoláire conas a úsáidtear an litríocht chun smaointe agus dearcthaí a chur in iúl agus a fhiosrú, tuiscint a fháil ar a chuid nó a cuid eispéireas, creideamh, cultúr féin agus ar eispéiris, creidimh agus cultúir daoine eile, de réir mar a fhorbraíonn sé nó sí a inniúlacht nó a hinniúlacht chun comhbhá a léiriú agus chun machnamh loighciúil agus criticiúil a dhéanamh.
Foghlaimíonn an scoláire conas a dhéantar brí a mhúnlú agus a chur in iúl agus le gnásanna bunúsacha gramadaí a úsáid chun tacú leis an tuiscint atá aige nó aici ar an litríocht agus leis an taitneamh a bhaineann sé nó sí aisti. Forbraíonn an scoláire tuiscint ar conas a athraíonn teanga agus litríocht de réir an údair, an lucht spéise agus an chuspóra.

| Foghlaimíonn an scoláire faoin méid seo a leanas: | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| **A bheith ag plé leis an litríocht**<br><br>Seánraí difriúla de litríocht agus cineálacha téacsanna liteartha. | a. Píosa léitheoireachta a roghnú go neamhspleách ar mhaithe le pléisiúr<br>b. Píosa litríochta a shainaithint ar théama áirithe nó le haghaidh cuspóir |

| | |
|---|---|
| Feasacht a fhorbairt ar conas a úsáideann sé nó sí réimse teangacha chun é nó í féin a chur in iúl le haghaidh cuspóirí difriúla agus lucht spéise difriúil.<br>Na gnásanna scríbhneoireachta (amhail poncaíocht, litriú, ceannlitriú, gramadach) agus an tábhacht a bhaineann leo chun píosa litríochta a thuiscint agus taitneamh a bhaint as.<br><br>Freagairt go pearsanta do réimse téacsanna liteartha agus smaointeoireacht chriticiúil a dhéanamh orthu.<br>A bhfuil i gceist le bheith criticiúil; scrúdú a dhéanamh ar ghnéithe amhail tionchar an tsuímh, cén tábhacht atá leis an gcomhthéacs, plota a mhapáil, tráthanna buaice/teannais agus réitigh. | áirithe<br>c. Léirthuiscint a fháil air go n-athraíonn teanga sa litríocht de réir an chainteora, an lucht spéise agus chuspóir agus sheánra an téacs<br>d. Gnéithe liteartha bunúsacha a aithint chun tacú le taitneamh a bhaint as an litríocht agus le tuiscint a fháil uirthi<br>e. Eolas ábhartha nó príomhphointí a shainaithint nó a bhaint as píosa litríochta<br>f. Carachtair agus smaointe difriúla laistigh de phíosa litríochta a phlé<br>g. Freagraí agus smaointe pearsanta a chur in iúl agus tacú le tuairimí<br>h. Cúram a dhéanamh de thuairimí daoine eile ar charachtair agus smaointe i bpíosa litríochta, agus freagairt dóibh<br>i. Plé a dhéanamh ar conas is féidir eispéiris agus tuairimí daoine eile a fhiosrú trí théacsanna |
| **Litríocht a chruthú**<br><br>Féinléiriú samhlaíoch<br><br>A bhfuil i gceist le bheith criticiúil faoi phíosa dá chuid nó dá cuid oibre féin; scrúdú a dhéanamh ar ghnéithe amhail suíomh, plota, carachtair, gnásanna na scríbhneoireachta a úsáid. | j. A rogha seánra litríochta a shainaithint<br>k. A shainaithint conas a thacaíonn gnásanna scríbhneoireachta coiteanna leis an gciall i scríbhneoireacht<br>l. Píosa de théacs liteartha a chruthú le haghaidh cuspóir agus pobal ar leith agus é a chur i láthair daoine eile<br>m. Dearcadh a chur in iúl agus tacú leis<br>n. Smaointe a eagrú agus a nascadh go loighciúil i bpíosa téacs<br>o. Freagra pearsanta ar charachtair agus smaointe ó phíosa litríochta a chruthú. |

## Gluais Téarmaí

| | |
|---|---|
| Téacs liteartha | Is éard atá i gceist le téacsanna liteartha, saothair a bhfuil sé de phríomhchuspóir acu éifeachtaí aeistéitiúla agus mothúchánacha a bhaint amach chun ealaín a chruthú. |
| Téacs neamhliteartha | Ar na téacsanna neamhliteartha áirítear téacsanna eolais, ach níl siad teoranta dóibh |

| | |
|---|---|
| | (treoracha, físeáin treorach), téacsanna digiteacha (suíomhanna gréasáin, podchraoltaí), téacsanna meán (fógraí, craoltaí meán), neamhfhicsean (beathaisnéis, clár faisnéise, téacsanna taistil) agus píosaí tuairimí (ailt, aithisc, postálacha ar na meáin shóisialta). Le téacs neamhliteartha is féidir go n-áireofar gnéithe liteartha ina inneachar agus/nó ina stíl ach i bhformhór na gcásanna, níl an príomhchuspóir céanna aige atá ag téacsanna liteartha. |
| Léitheoireacht | Is éard atá i gceist le léitheoireacht ciall a bhaint as aon chineál téacs, agus tuiscint a léiriú air. |
| Scríbhneoireacht | Scáth-théarma atá i gceist le scríbhneoireacht a chiallaíonn litreacha, focail, uimhreacha nó siombailí a dhéanamh ar dhromchla le huirlis amhail peann, peann luaidhe nó uirlis dhigiteach. |

